# Gné 4: Cleachtas Gairmiúil

## Gníomhaíocht A: Ról Gairmiúil

Tá ról an chleachtóra fíorthábhachtach chun tacú leis na leanaí ar fad foghlaim agus forbairt agus barr a gcumais a bhaint amach. Mar sin féin, is minic nach dtuigeann tuismitheoirí, daoine gairmiúla eile, an pobal ná an tsochaí trí chéile na héilimh a bhaineann leis an ról seo, nó is minic nach smaoiníonn siad orthu. An bealach ina dtuigeann cleachtóirí a ról féin agus ina dtugann siad cur síos agus míniú air, bíonn tionchar aige sin ar an tuiscint a bhíonn ag daoine eile ar an ról. An íomhá agus an bhraistint féiniúlachta sin atá acu mar dhuine gairmiúil, bíonn tionchar acu sin ar a seal, ar an tuairim a bhíonn ag cleachtóirí ar a ról féin, an chaoi a dtéann siad i mbun a gcuid oibre le leanaí ar bhonn laethúil, agus an chaoi a mbíonn siad ag idirghníomhú le tuismitheoirí agus le daoine gairmiúla eile.

Is é aidhm Ghníomhaíocht A cabhrú leat, mar chleachtóir, machnamh a dhéanamh ar thábhacht agus ar chastacht an róil atá agat tacú le luathfhoghlaim agus le luathfhorbairt leanaí. Tacaíonn sé leat freisin cur síos a fhorbairt ar do ról agus is féidir leat an cur síos sin a roinnt le daoine eile. Tá dhá chuid sa ghníomhaíocht. Cabhraíonn Cuid a hAon leat machnamh a dhéanamh ar do ról féin agus féachtar i gCuid a Dó ar do thuiscint ar an ról mar chuid d'fhoireann nó de ghairm bheatha.

## Gníomhaíocht A, Cuid 1: Féiniúlacht mar chleachtóir luath-óige

Déan iarracht an ghníomhaíocht seo a chríochnú leat féin. Ansin, téigh siar ar do mhachnamh le d'fhoireann, le do bhainisteoir, nó le tacaíocht ó mheantóir.

1. **Cén fáth ar shocraigh tú a bheith i do chleachtóir luath-óige?**

2. **Cad a thaitníonn leat faoin obair? Cé na dúshláin, más ann dóibh, a bhíonn le sárú agat san obair?**

3. **Cén tionchar atá ag do chuid oibre, dar leat, ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na leanaí?**

4. **An gceapann tú gur duine gairmiúil thú? Má cheapann, cén fáth? Mura gceapann, cén fáth?**


NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

# Gníomhaíocht A, Cuid 2: Féiniúlacht chomhchoiteann mar chleachtóirí luath-óige

Déan an ghníomhaíocht seo le d'fhoireann nó le do bhainisteoir, nó le tacaíocht ó mheantóir.

1. **An gceapann tú gur ról tábhachtach é an ról atá ag cleachtóirí luath-óige? Má cheapann, cén fáth? Mura gceapann, cén fáth? (Smaoinigh ar thionchar an róil ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na leanaí, agus ar an tionchar féideartha ar an tsochaí.)**

2. **Cé na cáilíochtaí, meonta, scileanna, inniúlachtaí agus eolas atá tábhachtach, dar leat, do chleachtóirí luath-óige? (Féach an liosta i *dTreoir d'Úsáideoirí Aistear*, lgh 7-8.)**



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## 3. Cén fáth a bhfuil na cáilíochtaí, na meonta, na scileanna, na hinniúlachtaí agus an t-eolas sin tábhachtach?

Leis an eolas atá faighte agat ó na gníomhaíochtaí thuas, scríobh alt gearr chun cur síos a dhéanamh ar do theideal agus ar do ról. Ba cheart tábhacht na luath-óige do leanaí, teaghlaigh agus an tsochaí a chuimsiú sa chur síos sin, mar aon leis an ról tábhachtach atá agat chun tacú leis sin.

Téigh siar ar an gcur síos go rialta (gach 6 mhí, b'fhéidir) agus comhroinn é le comhghleacaithe agus daoine nua ar an bhfoireann, tuismitheoirí agus scoláirí. Cuimhnigh ar nuashonrú a dheanamh ar na sainchuntais róil i do shuíomh chun an íomhá sin den chleachtóir a chuimsiú.

Tar éis an ghníomhaíocht sin a dhéanamh, b'fhéidir gur mhaith leat féachaint ar na físeáin:

- Íomhá agus ról an chleachtóra
- Cad a chiallaíonn duine gairmiúil domsa?
- Ceannaireacht oideolaíoch ag tacú le cleachtas gairmiúil
- Tacú le daoine eile bheith ina ndaoine gairmiúla
- Na scileanna a bhíonn ag teastáil ó dhaoine gairmiúla san aois luath-óige (idir an bhreith go 6 bliana d'aois)